



## BEARTAS INIMIRCE

Tá beartas inimirce Eorpach atá réamhbhreathnaitheach agus cuimsitheach, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ina phríomhchuspóir do Pharlaimint na hEorpa. Is é is aidhm do bheartas inimirce cur chuige cothrom a bhunú chun déileáil le hinimirce rialta agus neamhrialta araon.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 79 agus Airteagal 80 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### INNIÚLACHTAÍ

Inimirce rialta: tá AE inniúil chun coinníollacha a leagan síos lena rialaítear iontráil isteach i mBallstáit agus cónaí dlíthiúil i mBallstát, lena n-áirítear chun críocha athaontaithe teaghlaigh, do náisiúnaigh tríú tír. Coinníonn na Ballstáit an ceart chun líon na ndaoine a chinneadh a thig as tríú tíortha isteach ar a gcríocha ar thóir oibre.

Lánpháirtiú: d'fhéadfadh AE dreasachtaí agus tacaíocht a chur ar fáil do bhearta arna ndéanamh ag na Ballstáit chun lánpháirtiú na náisiúnach tríú tíortha a bhfuil cónaí orthu go dleathach a chur chun cinn. ní dhéantar aon fhoráil le dlí AE do dhlíthe agus rialacháin náisiúnta a chomhchuibhiú, áfach.

Dul i ngleic le hinimirce neamhrialta: ceanglaítear ar an Aontas Eorpach inimirce neamhrialta a chosc agus a laghdú, go háirithe trí bhíthin beartas éifeachtach um fhilleadh, ar bhealach atá comhsheasmhach le cearta bunúsacha.

Comhaontuithe um athligeran isteach: tá an tAontas Eorpach inniúil chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir le náisiúnaigh tríú tíortha a ligean ar ais ina dtír thionscnaimh nó bhunáitíochta mura gcomhlíonann siad nó mura gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha maidir le teacht isteach i gcríoch ceann de na Ballstáit, maidir le bheith ar an gcríoch sin nó maidir le cónaí ann.

### CUSPÓIRÍ

Cur chuige cothrom maidir le hinimirce a shainiú: tá sé mar aidhm le AE cur chuige cothrom a bhunú maidir leis an inimirce rialta a bhainistiú agus an inimirce neamhrialta a chomhrac. Is é atá i gceist le bainistiú cuí ar na sreafaí imirce ná cóir chothrom a chur ar náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cónaí dleathach orthu i mBallstáit a áirithiú, bearta chun dul i ngleic leis an inimirce neamhrialta a fheabhsú, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil, agus comhar níos dlúithe le tíortha nach ballstáit iad a



chur chun cinn sna réimsí go léir. Tá sé mar aidhm ag AE cearta agus oibleagáidí ar leibhéal aonfhoirmeach a bhunú d'inimircigh rialta, inchomparáide leis an leibhéal atá ag saoránaigh AE.

Prionsabal na dlúthpháirtíochta: faoi Chonradh Liospóin, tá na beartais inimirce faoi rialú ag prionsabal na dlúthpháirtíochta agus comhroinnt chóir na freagrachta, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis, idir na Ballstáit (Airteagal 80 CFAE).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Forbairtí institiúideacha a tionscnaíodh le Conradh Liospóin

Le Conradh Liospóin, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2009 (1.1.5), tugadh isteach vótáil trí thromlach cáilithe maidir le hinimirce rialta agus bunús dlí nua le haghaidh bearta lánpháirtithe. Tá an gnáthnós imeachta reachtach i bhfeidhm anois maidir le beartais a bhaineann le hinimirce rialta agus neamhrialta araon, rud a dhéanann comhreachtóir den Pharlaimint ar chomhchéim leis an gComhairle. Is í an Chomhairle amháin a ghlacann na bearta sealadacha atá le déanamh i gcás insreabhadh tobann de náisiúnaigh tríú tír, tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint, áfach (Airteagal 78(3) CFAE).

Soiléiríodh le Conradh Liospóin freisin, go bhfuil inniúlacht chomhroinnte ag AE leis na Ballstáit sa réimse seo, go háirithe maidir le líon na n-imirceach a bhfuil cead acu dul isteach i mBallstát ar thóir oibre (Airteagal 79(5) CFAE). Ar deireadh, tá dlínse iomlán ag an gCúirt Bhreithiúnais anois i réimse na hinimirce agus an tearmainn.

### B. Na forbairtí beartais is déanaí

#### 1. An 'Cur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta'

Leis an 'gCur Chuige Domhanda i leith na hImirce agus na Soghluaisteachta' (GAMM), arna ghlacadh ag an gCoimisiún in 2011, bunaítear creat ginearálta le haghaidh chaidreamh AE le tríú tíortha i réimse na himirce. Tá sé bunaithe ar cheithre cholún: inimirce rialta agus soghluaisteacht, inimirce neamhrialta agus gáinneáil ar dhaoine, cosaint idirnáisiúnta agus beartas maidir le tearmann, tionchar na himirce agus na soghluaisteachta ar fhorbairt a uasmhéadú. Is saincheist leathan í cearta an duine atá ag imircigh i gcomhthéacs an chur chuige seo.

#### 2. Treoirlínte straitéiseacha mhí an Mheithimh 2014

Chuaigh Clár Stóicólm don limistéar saoirse, slándála agus ceartais (AFSJ) arna ghlacadh i mí na Nollag 2009 mar chomharba ar na cláir ilbhliantúla arna nglacadh in Tampere (1999) agus sa Háig (2004), in éag i mí na Nollag 2014 (4.2.1). I mí an Mhárta 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht nua lena leagtar amach a fhís maidir le clár oibre don todhchaí do AFSJ, dar teideal '[Eoraip atá oscailte agus slán: á thabairt i gcrích](#)'. I gcomhréir le hAirteagal 68 CFAE, ina conclúidí an 26 Meitheamh agus an 27 Meitheamh 2014, shainigh an Chomhairle Eorpach na '[treoirlínte straitéiseacha](#) don phleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais' don tréimhse 2014-2020. Ní hionann iad sin agus clár a thuilleadh, ach treoirlínte lena ndírítear ar an gcuspóir maidir le hionstraimí agus bearta dlí atá cheana ann a thrasú, a chur chun feidhme agus a dhaingniú. Leis na treoirlínte, cuirtear béim



ar an ngá chun cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir le himirce, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as imirce rialta, cosaint a thabhairt dóibh siúd a bhfuil gá acu leis, imirce neamhrialta a chomhrac agus teorainneacha a bhainistiú go héifeachtach.

### 3. Clár Oibre na hEorpa maidir leis an Imirce

An 13 Bealtaine 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún [Clár Oibre na hEorpa maidir leis an Imirce](#). Leis an gClár Oibre, moltar bearta láithreacha chun dul i ngleic leis an ngéarchéim sa Mheánmhuir agus bearta a bheidh le glacadh sna blianta atá díreach romhainn chun gnéithe uile na hinimirce a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Maidir leis an meántearma agus an fadtearma, molann an Coimisiún treoirlínte i gceithre réimse beartais:

- Dreasachtaí don inimirce neamhrialta a laghdú;
- Bainistiú teorainneacha — beatha a shábháil agus teorainneacha seachtracha a dhaingniú;
- Comhbheartas tearmainn níos láidre a fhorbairt; agus
- Beartas nua maidir le hinimirce neamhrialta a bhunú, an córas maidir le 'cárta gorm' a nuachóiriú agus a athchóiriú, tosaíochtaí úra a shocrú le haghaidh beartais lánpháirtithe, an leas is fearr is féidir a bhaint as beartas imirce do na daoine aonair lena mbaineann agus do na tíortha tionscnaimh.

Leis an gClár Oibre, seoladh freisin an smaoineamh maidir le scéimeanna athlonnaíochta agus athshocraíochta a chur ar bun ar fud an Aontais (féach an bileog eolais ar bheartas tearmainn [4.2.2](#)), fógraíodh cur chuige na 'dTeophointí' (sa chás ina n-oibríonn gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais ar an láthair le Ballstáit túslíne chun imircigh atá ag teacht isteach a aithint, a chlárú agus a méarlorg a thógáil go pras), agus moladh oibríocht fhéideartha an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) sa Mheánmhuir chun líonraí smuigleála a dhíchóimeáil agus chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac (a seoladh go luath ina dhiaidh sin dar teideal [EUNAVFOR MED — Oibríocht Sophia](#)).

Ar bhonn an chláir oibre sin, an 6 Aibreán 2016 d'fhoilsigh an Coimisiún a threoirlínte maidir le himirce rialta, agus maidir le tearmann chomh maith, i [dteachtaireacht](#). Tá ceithre chatagóir phríomhúla sna treoirlínte maidir le beartais imirce rialta: athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cárta Gorm, fiontraíthe nuálacha a mhealladh chuig AE, samhail níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí d'inimirce rialta in AE a fhorbairt trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcreat atá ann faoi láthair, comhar leis na príomhthíortha tionscnaimh a neartú, d'fhonn bealaí dlíthiúla chuig AE a áirithiú agus ag an am céanna feabhas a chur ar fhilleadh na ndaoine nach bhfuil cearta fanachta acu.

I mí na Bealtaine 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún [tuarascáil ar dhul chun cinn](#) i dtaca le cur chun feidhme Chláir Oibre na hEorpa maidir le himirce, ar tuarascáil í lena scrúdaítear dul chun cinn chur chun feidhme an Chláir agus ar a easnaimh.

### C. Na forbairtí reachtacha is déanaí

Ó 2008 i leith, glacadh roinnt treoracha suntasacha ar inimirce agus rinneadh athchóiriú ar roinnt acu cheana féin. Tá [seiceáil oiriúnachta](#) (meastóireacht REFIT) á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair chun meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar



reachtaíocht AE atá cheana ann maidir le himirce dhleathach mar a thuairiscítear thíos; ba cheart go mbeadh na chéad torthaí foilsithe in 2018.

## 1. Inimirce rialta:

Mar thoradh ar na deacrachtaí a tháinig chun cinn i nglacadh foráil ghinearálta lena gcumhdaítear an inimirce oibríthe in AE, is é atá i gceist leis an gcur chuige reatha ná reachtaíocht earnála a ghlacadh, de réir chatagóir na n-imirceach, chun beartas rialta imirce a bhunú ar leibhéal AE.

Le [Treoir 2009/50/CE](#) maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críocha fostaíochta ardcháilíochta, cruthaíodh 'cárta gorm AE', nós imeachta mear chun cead speisialta cónaithe agus oibre a eisiúint, ar théarmaí níos tarraingtí, chun oibreoírí tríú tír a chur ar a gcumas dul i mbun fostaíochta ardcháilíochta sna Ballstáit. Foilsíodh an chéad tuarascáil ar chur chun feidhme na treorach seo i mí na Bealtaine 2014 agus sainathnódh roinnt easnamh sa tuarascáil sin. I mí an Mheithimh 2016, mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras, lena n-áirítear critéir iontrála níos solúbtha, tairseach níos ísle tuarastail/íosfhad an chonartha oibre atá ag teastáil, forálacha níos fearr maidir le hathaontaithe teaghlaigh, agus scéimeanna náisiúnta comhthreomhara a dhíothú; tá obair ar an athbhreithniú sin ag leanúint ar aghaidh sa Pharlaimint (glacadh [tuarascáil](#) Choiste LIBE an 15 Meitheamh 2017) agus sa Chomhairle, ach is beag dul chun cinn atá déanta sa Chomhairle le deanaí, go háirithe maidir le cuimsiú scileanna agus aitheantas do thaithí ghairmiúil atá coibhéiseach le cáilíochtaí oideachais.

Leis an Treoir um Chead Aonair([2011/98/AE](#)) leagtar amach nós imeachta comhchoiteann simplithe do náisiúnaigh tríú tír abhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chead cónaithe agus oibre i mBallstát, agus leagtar amach freisin tacar de chearta comhchoiteanna a bheidh le deonú ar inimirce rialta. Bhí an chéad tuarascáil ar a cur chun feidhme dlite faoi mhí na Nollag 2016.

Le [Treoir 2014/36/AE](#), a ghlacadh i mí Feabhra 2014, rialaítear na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta mar oibreoírí séasúracha. Tá cead ag oibreoírí imircigh séasúracha fanacht in AE go dleathach agus go sealadach ar feadh uastréimhse idir cúig agus naoi mí (ag brath ar an mBallstát) chun gníomhaíocht a dhéanamh ag brath ar athrú na séasúr, agus ag an am céanna a bpríomháit chónaithe a choinneáil i dtríú tír. Leis an treoir, soiléirítear freisin an tacar ceart a bhfuil na hoibreoírí imircigh sin i dteideal.

Glacadh [Treoir 2014/66/AE](#) maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír faoi chreat aistriú ionchorparáide an 15 Bealtaine 2014. Leis an treoir, déantar é níos éasca do ghnólachtaí agus corparáidí ilnáisiúnta a mbainisteoirí, a speisialtóirí agus a bhfostaithe faoi oiliúint a athlonnú go sealadach chuig a mbrainsí nó a bhfochuideachtaí atá lonnaithe san Aontas Eorpach.

Glacadh [Treoir \(AE\) 2016/801](#) maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair *au pair* an 11 Bealtaine 2016, agus bhí sé le trasú faoin 23 Bealtaine 2018. Cuirtear an treoir sin



in ionad na n-ionstraimí roimhe sin lena gcumhdaítear mic léinn agus taighdeoirí, leathnaítear a raon feidhme agus simplítear a gcur i bhfeidhm.

Ar deireadh, fós rialaítear stádas na náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha san Aontas Eorpach iad le [Treoir 2003/109/CE](#) ón gComhairle, arna leasú in 2011 chun a raon feidhme a leathnú chuig dídeanaithe agus tairbhithe eile na cosanta idirnáisiúnta. Tá leasuithe atá beartaithe ar an Treoir um chónaitheoirí fadtéarma san áireamh le hobair reatha ar an [Treoir maidir le Cáilíochtaí \(4.2.2.\)](#) agus an [Treoir maidir le Cáirta Gorm](#).

## 2. Lánpháirtiú

Le [Treoir 2003/86/CE](#) ón gComhairle leagtar amach forálacha maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh. Ós rud é gurb é conclúid tuarascáil chur chun feidhme 2008 nach raibh an Treoir curtha i bhfeidhm go hiomlán agus i gceart sna Ballstáit, d'fhoilsigh an Coimisiún [teachtaireacht](#), i mí Aibreáin 2014, lena soláthraítear treoir do na Ballstáit maidir le conas an Treoir a chur i bhfeidhm. Le meastóireacht REFIT reatha an Choimisiúin, cumhdaítear an treoir um athaontú teaghlaigh freisin.

Tá inniúlacht AE teoranta i réimse an lánpháirtithe. I mí Iúil 2011, ghlac an Coimisiún [Clár Oibre na hEorpa maidir le Lánpháirtiú Náisiúnach Tríú Tír](#). Le déanaí, i mí an Mheithimh 2016, chuir an Coimisiún [plean gníomhaíochta](#) chun cinn, lena leagtar amach creat beartais agus céimeanna praiticiúla chun cuidiú leis na Ballstáit na 20 milliún náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí go dleathach in AE a lánpháirtiú. Tá an Fóram Eorpach um Imirce (an Fóram Eorpach um Lánpháirtíocht roimhe seo) san áireamh leis na hionstraimí atá cheana ann; an [Suíomh gréasáin maidir le lánpháirtiú](#); agus an [Líonra um Lánpháirtiú na hEorpa](#) (an ghréasáin de Phointí Teagmhála Náisiúnta um Lánpháirtiú go dtí 2016)/

## 3. Inimirce neamhrialta

Ghlac AE roinnt mórfhiosaí reachtaíochta chun an inimirce neamhrialta a chomhrac:

- Tá 'Pacáiste na nÉascóirí', mar a thugtar air, comhdhéanta de [Threoir 2002/90/CE](#) ón gComhairle, lena leagtar amach comhshainiú ar an gcoir maidir le teacht isteach, idirthurais agus cónaí neamhúdraithe a éascú, agus [Cinneadh Réime 2002/946/CGB](#), lena mbunaítear smachtbhannaí coiriúla don iompar sin. Tugtar aghaidh ar gháinneáil ar dhaoine le [Treoir 2011/36/AE](#) maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint. Comhlánaítear an pacáiste le [Treoir 2004/81/CE](#), ón gComhairle lena bhforáiltear do chhead cónaithe a dheonú do dhaoine a ndearnadh gáinneáil nó smuigleáil orthu agus a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla (maidir le gáinneáil ar dhaoine, féach freisin an bileog eolais ar 'Chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla' [4.2.6](#)). I mí na Bealtaine 2015, ghlac an Coimisiún [Plean Gníomhaíochta AE in aghaidh Smuigleáil Imirceach \(2015-2020\)](#), agus, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta, rinne an Coimisiún [meastóireacht REFIT](#) ar chur i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil atá cheana ann, rinneadh [comhairliúchán poiblí](#) sula ndearnadh an meastóireacht REFIT. Chinn an Coimisiún nach raibh fianaise leordhóthanach ann, ag an bpointe ama sin, go ndearnadh daoine nó eagraíochtaí um chabhair dhaonnúil a ionchúiseamh i ndáiríre arís agus arís eile, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil gá fós le creat dlíthiúil AE lena dtugtar aghaidh ar smuigleáil



imirceach sa chomhthéacs reatha. Anuas air sin, chinn sé nach dtabharfadh athbhreithniú ar Phacáiste na nÉascóirí níos mó breisluacha ná a chur chun feidhme éifeachtach agus iomlán, agus tháinig comhaontú ginearálta chun cinn go bhféadfadh bearta neamhrechtacha breisluach a thabhairt, chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis na mBallstát, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó do gheallsealbhóirí eile, lena n-áirítear comhar feabhsaithe le tríú tíortha. Ina [rún](#) an 5 Iúil 2018, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún treoirlínte a fhorbairt do na Ballstáit chun cosc a chur ar choir a dhéanamh as cabhair dhaonnúil, agus reáchtáladh [éisteacht phoiblí](#) ar an ábhar i mí Mheán Fómhair 2018.

- Leis an 'Treoir um Fhilleadh' ([2008/115/CE](#)) leagtar amach comhchaighdeán agus nósanna imeachta coiteanna AE maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil cónaí orthu go rialta sa Bhallstát a thabhairt ar ais go dtí a dtír thionscnaimh. Glacadh an chéad tuarascáil ar a cur chun feidhme i mí an Mhárta 2014. I mí Mheán Fómhair 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún [Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpach maidir le fillleadh](#), agus ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 2015, glacadh conclúidí na Comhairle maidir le Todhchaí an Bheartais um Fhilleadh. I mí an Mhárta 2017, rinne an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta a fhorlíonadh le [teachtaireacht](#) ar 'bheartas níos éifeachtaí um fhilleadh san Aontas Eorpach – plean gníomhaíochta athnuaite' agus [moladh](#) maidir le fillteacha a dhéanamh níos éifeachtaí. I mí Mheán Fómhair 2017, d'fhoilsigh sé a '[Lámhleabhar athnuaite maidir le Filleadh](#)', lena soláthraítear treoir i ndáil le feidhmíocht dhualgais na n-údarás náisiúnta atá inniúil chun tascanna a bhaineann le fillteacha a dhéanamh. Sa bhreis air sin, in 2016, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Rialachán \(AE\) 2016/1953](#) maidir le doiciméad taistil Eorpach a bhunú chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh. I mí Mheán Fómhair 2018, mhol an Coimisiún [athbhreithniú spriocdhírthe](#) ar an Treoir um Fhilleadh, lena n-áirítear nós imeachta teorann nua d'iarrthóirí tearmainn, nósanna imeachta agus rialacha níos soiléire chun mí-úsáidí a chosc, cláir éifeachtúla um fhilleadh deonach le bheith curtha ar bun sna Ballstáit, agus rialacha níos soiléire maidir le coinneáil.
- Le [Treoir 2009/52/CE](#) sonraítear smachtbhannaí agus bearta a chuirfear i bhfeidhm sna Ballstáit i gcoinne fostóirí a fhostaíonn náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go neamhdhlíthiúil. Cuireadh isteach an chéad tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach an 22 Bealtaine 2014.

Ag an am céanna, tá [comhaontuithe um athligean isteach](#) á gcaibidliú agus á dtabhairt i gcrích ag AE le tíortha tionscnaimh agus idirthurais d'fhonn imircigh neamhrialta a fhilleadh agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Déanann na Comhchoistí um Athghlacadh Isteach faireachán ar a gcur chun feidhme. Tá na comhaontuithe sin nasctha le comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú, agus is é is aidhm dóibh an dreasacht riachtanach a sholáthar le haghaidh caibidlíocht um athghlacadh isteach sa tríú tír lena mbaineann gan an imirce neamhrialta a mhéadú.





## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, bhí rannpháirtíocht ghníomhach ag an bParlaimint, mar chomhrechtóir iomlán, i reachtaíocht nua a ghlacadh lena ndéileáiltear leis an imirce neamhrialta agus rialta araon.

Ghlac an Parlaimint roinnt rún féintionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar imirce, go háirithe a [rún an 12 Aibreán 2016](#) ar an staid sa Mheánmhuir agus an gá le cur chuige iomlánaíoch AE i leith na himirce, ar cur chuige é lena ndéantar meastóireacht ar na beartais éagsúla atá i gceist, agus lena bhforbraítear tacar moltaí. Bhí tuarascáil LIBE, arna ghlacadh i suí iomlánach, ag gabháil le tuairimí ó ocht gcoiste eile na Parlaiminte. Leis an rún, cuimsítear seasamh na Parlaiminte maidir le beartais ábhartha AE i dtaca le himirce agus tearmann agus is é pointe tagartha na Parlaiminte sa réimse sin.

Léigh tuilleadh faoin ábhar seo:

- [An imirce san Eoraip](#)
- [An ghéarchéim imirce san Eoraip](#)
- [Beartas tearmainn AE](#)

Marion Schmid-Drüner  
05/2019

